



Oifigeach Pleanála Teanga Limistéar Pleanála Teanga Chonamara Láir

Tá Limistéar Pleanála Teanga Chonamara Láir ar cheann de na limistéir Ghaeltachta is bisiúla sa tír.

Fáilteoidh Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir roimh iarratais don phost mar Oifigeach Pleanála Teanga. Beidh sé de chúram ar an Oifigeach Pleanála Teanga bainistiú ó lá go lá a dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean Teanga 7 mbliana (timpeall 5 bliana fágtha) atá curtha i dtoll a chéile don limistéar. Is í aidhm an Phlean Teanga ná an Ghaeilge a threisiú mar theanga an phobail sa limistéar agus tionscnaimh úra a shaothrú aisti ar mhaithe le buanú an phobail. Forbraíodh an Plean Teanga i gcomhar leis an bpobal sa limistéar mar a leagadh amach faoi fhorálacha Acht na Gaeltachta 2012. Tá an próiseas Pleanála Teanga á fheidhmiú faoi scáth Údarás na Gaeltachta agus na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Beidh an tOifigeach Pleanála Teanga fostaithe ag Forbairt Chonamara Láir, ceannagraíocht an phróisis Pleanála Teanga i gConamara Láir. Beidh sealbhóir an phoist ag obair i gcomhar le Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir le cuspóirí an Phlean 7 mbliana a bhaint amach. Post ar chonradh trí bliana atá á thairiscint mar thús. Íocfar tuarastal idir €35,000 - €50,000 ag brath ar thaithí agus ar cháilíochtaí.

Seo a leanas na cailíochtaí agus scileanna a mbeifear ag súil leo ó iarrthóirí:

- Gaeilge den scoth, idir labhartha agus scríofa
- Scileanna cumarsáide agus cur i láthair den scoth
- Cáilíocht 3ú leibhéal (sa Phleanáil Teanga, sa Ghaeilge nó in ábhar gaolmhar)
- Cuntas teiste i scríobh pleananna, tuairiscí agus i gcur i láthair torthaí
- Tuiscint mhaith ar fhorbairt pobail agus ar idirbheartaíocht le heagraíochtaí stáit
- Taithí i mbainistíocht tionscadail agus foirne
- Scileanna ríomhaireachta den scoth

Beidh sealbhóir an phoist lonnaithe in Oifigí Forbairt Chonamara Láir, Teach an Údaráis, Carna, Co. na Gaillimhe. Beidh sé riachtanach ceadúnas tiomána a bheith ag iarrthóirí mar go mbeidh roinnt mhaith taisteal i gceist leis an bpost. 37 uair oibre sa tseachtain a bheidh i gceist agus beidh roinnt d'uaireanta oibre an phoist le cur isteach lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre mar gheall ar nádúr na hoibre, e.g. ag casadh le coistí tráthnóna.

Tá na mionsonraí a bhaineann leis an bpost le fáil ach teagmháil a dhéanamh le
Forbairt Chonamara Láir ag: 087 3294478, fcleo@conamaralair.ie

Tá cóip de Phlean Teanga Chonamara Láir ar fáil ar: www.conamaralair.ie

Ba chóir iarratas mar aon le C.V. a sheoladh chuig:

Oifigeach Forbartha, Forbairt Chonamara Láir Teo., Teach an Údaráis, Carna, Co. na Gaillimhe
roimh: **Dé hÁoine 25 Meán Fómhair 2020.**

Sonraí Teagmhála: **087 3294478, www.conamaralair.ie**